

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cén áit a bhfuil sé/sí ag dul ar laethanta saoire agus ag rá cén áit a bhfuil tú féin ag dul ar laethanta saoire.

Bileoga: 11.1, 11.2, 11.3, 11.4 agus 11.5

- Scaip **Bileog 11.1**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na tíortha leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad. Bí cinnte arís gur féidir leo na tíortha agus gach Mór-Roinn a fhuaimniú mar is ceart.
- Scaip **Bileog 11.2**. Tabhair seans don rang Cuid A a dhéanamh. Scríobh an freagra ar an chlár dubh (tá mé ag dul *go* nó *go dtí*...).
- Cuid B: Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus tabhair seans dóibh na tíortha a scríobh.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht le bheith cinnte gur chuala siad na tíortha cearta.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é. Téigh siar ar na rialacha a bhaineann le **go**, **go dtí** agus **chuig** agus mínigh an difríocht idir gach ceann mura bhfuil sé ar eolas acu:

Sasana	Go –	go dtí áit nuair nach bhfuil an t-alt san ainm. e.g.: go
	Go dtí -	go dtí áit nuair atá an t-alt san ainm. e.g.: go dtí an Fhrainc
	Chuig -	téann tú chuig imeacht nó duine. e.g.: chuig cóisir

- Cuid C: Tá ar na foghlaimeoirí tír a roghnú ón léarscáil. Sin an áit a bhfuil siad féin ag dul ar laethanta saoire.
 - Caithfidh siad ansin siúl timpeall an ranga ag cur ceiste ar dhaoine cá bhfuil siadsan ag dul ar laethanta saoire. Beidh siad ag freagairt na ceiste céanna iad féin.
 - Cuir ceist ar dhaoine áirithe sa rang cá bhfuil siad ag dul ar laethanta saoire.
 - Bí cinnte go bhfuil an struchtúr ar eolas acu sula mbogann tú ar aghaidh.
 - Scaip **Bileog 11.3**. Beidh tú ag déanamh dul siar ar na briathra a bhaineann le taisteal san Aimsir Fháistineach leis na foghlaimeoirí agus ag déanamh mínithe ar an athrú a thagann ar an bhriathar nuair a chuireann tú ceist agus nuair a thugann tú freagra ar an cheist sin.
- a) Scríobh an dá bhriathar **cuir** agus **ceannaigh** ar an chlár dubh. Cuir ceist ar na foghlaimeoirí cad í an difríocht atá idir an dá fhocal. Mínigh dóibh go bhfuil siolla amháin san fhocal **cuir** agus dhá shiolla san fhocal **ceannaigh** agus go gcuirtear deirí difriúla leo san Aimsir Fháistineach:

siolla amháin = -fidh agus -faidh
dhá shiolla = -eoidh agus -óidh

- b) Anois scríobh na deirí ar an chlár ag fáil an oiread eolais agus is féidir ó na foghlaimeoirí.

Cuirfidh mé/tú/sé/sí/sibh/siad
Cuirfimid

Ceannóidh mé/tú/sé/sí/sibh/siad
Ceannóimid

- c) Scríobh an cheist agus an freagra dearfach agus diúltach ar an chlár dubh. Míneigh dóibh go mbaintear úsáid as an mhír ‘An’ le ceist a chumadh san Aimsir Fháistineach agus go leanann séimhiú *ní* sa fhreagra diúltach. Míneigh go leanann urú ‘an’ chomh maith.

An gceannóidh sé?

Ceannóidh/Ní cheannóidh

- Nuair atá na rialacha pléite leis an rang ar fad cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu Cuid B a dhéanamh.
- Ceartaigh Cuid B.
- Abair leo a machnamh a dhéanamh faoi Chuid C. Bí cinnte go bhfuil an Ghaeilge acu ar bhriathar ar bith a bhaineann le taisteal nach bhfuil acu go dtí seo.
- Scaip **Bileog 11.4** ar an rang. Abair leo go mbeidh siad ag foghlaim briathra mírialta anois san Aimsir Fháistineach.
- Chun nach mbeidh siad ag scríobh ar feadh tamaill rófhada iarr ar gach beirt leath na mbriathra a scríobh agus ansin malartú agus féachaint an mbeadh an rud céanna scríofa acu féin leis an duine in aice leo.
- Nuair atá na boscaí ar fad líonta acu téigh siar ar na briathra ar fad le bheith cinnte go bhfuil siad cruinn ceart.
- Scaip **Bileog 11.5** ar an rang.
- Cuid A: Míneigh dóibh gur cleachtadh breise é seo ar an Aimsir Fháistineach. Cuir gach beirt ag obair le chéile leis na ceisteanna a dhéanamh.
- Cuid B: Cleachtadh breise éisteachta é seo le feiceáil an raibh an ceart acu i gCuid A agus le dul siar ar an fhuaimniú atá ag na briathra san Aimsir Fháistineach. Seinn an téip dóibh agus tabhair seans dóibh a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Cuid C: Abair leis an rang na briathra ar **Bileog 11.3** agus **Bileog 11.4** a úsáid le ceisteanna a chur ar na daoine eile sa rang faoi rudaí san Aimsir Fháistineach. Tabhair seans dóibh a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna sula n-iarrann tú orthu siúl thart ar an rang ag labhairt leis na daoine eile.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cé a bheas leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin

Bileoga: 11.6 agus 11.7

- Scaip **Bileog 11.6**.
- Cuid A: Míneigh dóibh go gcaithfidh siad an comhrá a chur san ord ceart.

- Pléigh leis an rang ar fad é agus cuir an téip ar siúl ansin le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an comhrá a chloisteáil agus le feiceáil an raibh an ceart acu.
- Cuid B: Níl anseo ach dul siar ar an aidiacht shealbhach. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh **mo** má thosaíonn sé le consan. Ní thagann athrú ar bith ar ghuta, ach athraíonn **mo** go **m'** roimh ghuta.
- Cuid C: Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le cúig chomhrá ar an téip faoi laethanta saoire.
- Téigh siar ar an chleachtadh réamhéisteachta sula gcuireann tú an téip ar siúl:

mo chol ceathair	a chol ceathair	a col ceathair
ár gcol ceathracha	bhur gcol ceathracha	a gcol ceathracha

- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Tabhair seans do na foghlaimeoirí an aidiacht shealbhach a athrú ón chéad phearsa go dtí na pearsaí eile.

Freagraí:

Cainteoir 1:	a mháthair
Cainteoir 2:	a chuid páistí
Cainteoir 3:	a fear céile
Cainteoir 4:	a dteaghlaigh
Cainteoir 5:	a gcuid cairde

- Bíodh na cártaí ar **Bileog 11.7** gearrtha agat roimh an rang. Bíodh cárta amháin ann do gach duine.
- Ar an chárta tá an áit a bhfuil an duine ag dul ar laethanta saoire agus na daoine atá ag dul leis / léi.
- Iarr orthu labhairt leis na daoine eile sa rang ag cur agus ag freagairt ceisteanna bunaithe ar laethanta saoire.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
 - Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc, agus tú féin?
 - Tá mé ag dul go dtí an Spáinn. Cé a bheidh leat?
 - Mo chuid deirfiúracha agus cé a bheidh leatsa?
 - Mo chuid páistí.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar chúpla duine an comhrá a bhí eatarthu a dhéanamh os comhair an ranga.
- Scaip **Bileog 11.8**.
- Cuid A: Tá an abairt ‘cá fhad atá tú ann?’ ar eolas acu. Iarr orthu í a chur san Aimsir Fháistineach.
- Téigh siar ar an bhriathar **Bí** ag an phointe seo san Aimsir Fháistineach (beidh mé, tú, sé, sí, sibh, siad, beimid).

- Téigh siar ar an difríocht idir **le** agus **ar feadh**.
- Mínigh dóibh:
 - go mbaintear úsáid as **ar feadh** nuair atá am cinnte i gceist.
 - go mbaintear úsáid as **le** nuair nach bhfuil cinnteacht ag baint leis an tréimhse ama.
 - go mbaintear úsáid as **ar feadh** san Aimsir Chaite agus san Aimsir Fháistineach mar go mbíonn teorainn ama ann.
 - Go mbaintear úsáid as **le** san Aimsir Láithreach amháin, nuair atá duine ag déanamh rud anois agus ní féidir go cinnte a rá cá fhad a mhairfidh an rud atá sé/sí ag déanamh.

Samplaí:

- *Bhí muid ag siúl amach le chéile ar feadh trí bliana* – tá tú cinnte anois nach bhfuil tú ag siúl amach leis an duine sin níos mó, tá sé san Aimsir Chaite!
 - *Tá mé geallta anois le bliain* – b'fhéidir go dtitfidh tú i ngrá le duine eile amárach, níl a fhios agat cad a tharlóidh amárach! Tá sé san Aimsir Láithreach.
 - *Beidh mé ag dul ar laethanta saoire amárach ar feadh coicíse* – Tá ticéid curtha in áirithe agat, mar sin tá tú thar a bheith cinnte go bhfuil tú ag dul.
- Abair leo má bhíonn focal amháin i ndiaidh **ar feadh** bíonn sé sa tuiseal ginideach. Má bhíonn dhá fhocal nó níos mó ní thagann athrú ar bith ar na focail.
 - Iarr orthu Cuid B agus Cuid C a dhéanamh ansin. Do Chuid C seinn an téip chun seans a thabhairt dóibh a gcuid freagraí a sheiceáil.
 - Scaip **Bileog 11.9**. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag siúl timpeall an ranga ar ball beag ag labhairt faoi laethanta saoire atá pleanáilte acu.
 - Léigh tríd an eolas ar an bhileog le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
 - Tabhair seans dóibh smaoineamh ar na laethanta saoire a bheas acu ar dtús. Tá na boscaí ar an bhileog ann le cuidiú leo.
 - Abair leo dul chun cainte ansin. Is iad na ceisteanna ar an bhileog na ceisteanna a chuirfidh siad ar a chéile.
 - Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu cuir na ceisteanna ar dhaoine éagsúla sa rang.
 - Ceartaigh botún ar bith más gá.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cén uair atá siad ag dul ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin

Bileoga: 11.10

- Scaip **Bileog 11.10**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus bí cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Mínigh dóibh go mbaineann na rialacha céanna le **i gceann** agus **ar feadh**.

- Nuair atá tú cinnte go bhfuil gach rud faoi Chuid A ar eolas acu agus go bhfuil an fuaimniú ceart de na míonna ag an rang déan druil leis an rang iomlán.
- Cuir an cheist ar gach duine ar a laghad uair amháin: ‘Cén uair atá tú ag imeacht?’
- Ansin tabhair seans dóibh labhairt le gach duine eile sa rang ag úsáid an chomhrá faoi Chuid B.
- Siúil timpeall an ranga tú féin ag éisteacht le gach comhrá atá ag dul ar aghaidh.

Feidhm: Ag cur ceisteanna ar dhuine faoi na laethanta saoire/faoin aimsir agus ag freagairt na gceisteanna sin

Bileoga: 11.11, 11.12, 11.13, 11.14 agus 11.15

- Scaip **Bileog 11.11**.
- Cuid A: Cuir gach beirt ag obair le chéile chun na ceisteanna sa bhosca a léamh agus a thuiscint. Ansin iarr orthu an t-eolas sa bhosca a úsáid chun ceisteanna a chur ar a chéile faoi laethanta saoire.
- Cuid B: Léigh na treoracha agus mínigh an sliocht agus na ceisteanna.
- Ansin cuir an téip ar siúl faoi dhó. Ceartaigh na ceisteanna nuair a bheidh siad críochnaithe.

- Tabhair **Bileog 11.12** do leath an ranga agus **Bileog 11.13** don leath eile agus cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Iarr orthu féachaint ar an phictiúr faoi Chuid A agus tabhair tamall dóibh machnamh a dhéanamh ar an phictiúr – cá mbeidh siad ag dul ar saoire - an aimsir, cé atá leo, cén uair atá siad ag imeacht, cén fhad a bheas siad ann srl.
- Cuid B: Tabhair seans dóibh anois comhrá a bheith acu bunaithe ar na ceisteanna agus freagraí atá tugtha.
- Bí tú féin thart má bhíonn ceist ar bith acu.
- Iarr ar chúpla duine sa rang labhairt faoin phictiúr agus na laethanta saoire atá pleanáilte acu.

Páipéar Scrúduithe

- Mínigh don rang gur cleachtadh é seo do na scrúduithe - scrúdú samplach A2. Tá an cleachtadh féin san Aimsir Chaite ach tá sé bainteach le hábhar an ranga seo agus déanfaidh sé cleachtadh maith don scrúdú do na foghlaimoírí.
- Tabhair **Bileog 11.14** do leath an ranga agus **Bileog 11.15** don leath eile agus cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Glacfaidh duine amháin ról an scrúdaitheora agus an duine eile ról an iarrthóra ach tá eolas difriúil acu beirt.
- Caithfidh siad ceisteanna a chur ar a chéile bunaithe ar an chomhrá samplach. Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús faoi na laethanta saoire a bhí aige/aici. Ansin cuirfidh an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir.
- Abair leo úsáid a bhaint as an chomhrá samplach le cuidiú leo.
- Iarr ar chúpla duine sa rang an comhrá a dhéanamh os comhair an ranga.
- Déan plé ginearálta faoi na scrúduithe ag an phointe seo.

Feidhm: Ag pleanáil laethanta saoire sa Ghaeltacht
Bileoga: 11.16

- Scaip **Bileog 11.16** ar na foghlaimoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Caithfidh na foghlaimoirí ainmneacha na nGaeltachtaí atá sa bhosca ar dheis a scríobh in aice leis an cheantar cuí ar an léarscáil.
- Abair le gach beirt na Gaeltachtaí a rá os ard le chéile le bheith cinnte go bhfuil an fuaimniú ceart acu.
- Cuid B: Tá ar na foghlaimoirí Gaeltacht a roghnú a bhfuil siad ag dul chuici an samhradh seo chugainn.
- Ansin iarr ar gach beirt comhrá a bheith acu bunaithe ar an chomhrá atá ann faoi Chuid B. Cleachtadh eile atá anseo ar aidhmeanna an aonaid.